# Úr Chnoc Chéin Mhic Cáinte

A Phlúr na maighdean is úire gné
Thug clú le scéimh on Adhamhchlainn;
A chúl na bpéarlaí a rún na héigse,
Dhúblas féile is fáilte;
A ghnúis mar ghréin i dtús gach lae ghil;
Mhúchas léan le gáire;
Sé mo chumha gan mé 'stú a shiúr linn féin
San dún sin Chéin Mhic Cáinte.

Táim brúite i bpéin gan suan gan néal
De d' chumha a ghéag is áille;
Is gur tú mo roghain i gCúigibh Éireann
Cúis nach séanaim ás de;
Dá shiúlfá a réalt gan smúid liom féin
Ba súgach saor mo shláinte,
Gheobhair plúr is méad is cnuasach craobh
San dún sin Chéin Mhic Cáinte.

A rún mo chléibh is mar súd a bhfearr dhuit
Tús do shaoil a chaitheamh liom;
Is ní i gclúid faoi léan ag túirscín bréan
I gcionn túirne is péire cárdaí;
Gheobhair ciúl na dtéad le lúth na méar
Do do dhúscadh is dréachta grá fós;
Níl aon dún faoin ghréin chomh súgach aerach
Le hÚr Chnoc Chéin Mhic Cáinte.

Le tacaíocht ó

A shuaircbhean tséimh na gcuachfholt péarlach
Gluais liom féin ar ball beag;
Tráth is buailte cléir is tuata i néaltaibh
Suain faoi éadai bána;
Ó thuaidh go mbéam i bhfad uaitha araon
Teacht nuachruth gréine amárach;
Gan ghuais le chéile in uaigneas aérach
San uaimh sin Chéin Mhic Cáinte.

Beir uaim do phléid gé gur luaigh tú céad ní
Nós a bhfuil spéis ag a lán ann;
Is an duais is fearr nó ualaí séad
Níor chuala mé thú ag trácht air;
Tuatha saora buaibh is caora
Is cruacha péarla i bpálais;
Mar luach ní gheabhainn uait is gan gléas
In am suain le ndéantar páiste.

Seo thíos Véarsa 3 nach bhfuil sa leagan atá a cheol agam daoibh san fhístaifead.

Cluinfir uaill na ngadhar ar luas i ndéidh
Bhrian luaimnigh bhearnaigh mhásaigh;
Is fuaim guth béilbhinn cuach is smaolach
Suairc ar ghéaga in áltaibh;
I bhfuarlinn tséimh chífir sluabhuíon éisc
Ag ruagadh a chéile ar snámh ann;
Is an cuan gur léir dhuit uaid i gcéin
Ón dún sin Chéin Mhic Cáinte.

***Gearóid Ó Deoráin a rinne an cheardlann seo.***

Le tacaíocht ó